



A chairde,

Tá Scrúduithe Sheimeastar 1 ag teannadh linn go tréan. Léigh leat chun eolas agus dátaí tábhachtacha a fháil faoi d'amchlár scrúduithe.

Is trí mheasúnú leanúnach amháin a scrúdófar mic léinn na Chéad Bhliana i seimeastar 1.

---

## Amchlár Pearsanta na Scrúduithe

-**CLICEÁIL ANSEO** chun breathnú ar d'amchlár do Scrúduithe Sheimeastar 1.

-Cé go mbeidh ort a bheith ar an gcampas chun rochtain a fháil ar amchlár do chuid scrúduithe pearsanta, is féidir leat an clár ama iomlán a fheiceáil **anseo**, agus cuardach a dhéanamh ar do chód modúil.

-Is **ortsa** atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil na modúil ar fad a bhfuil scrúdú agat iontu ar d'amchlár scrúduithe.

-Ní féidir le mic léinn teacht ar a n-amchlár pearsanta ach ar na saoráidí idirlín ar an gcampas (seirbhís gan sreang Eduroam, ríomhairí deisce sa Leabharlann agus sna Ríomhlanna).

-Mura bhfuil cliant Eduroam cothrom le dáta suiteáilte ar do ghléas, cliceáil **anseo** chun é a íoslódáil agus a shuiteáil.



-Tá treoir shuiteála mhionsonraithe ar fáil **anseo** freisin.

-Déanfaidh an aip Geteduroam, atá ar fáil sna haipmhargaí, Eduroam a shuiteáil ar ghutháin phóca.

**Mura bhfeiceann tú do mhodúl ar d'amchlár pearsanta scrúduithe, déan teagmháil le do léachtóir chun teacht ar eolas faoi mheasúduithe**

-Féach **anseo** chun níos mó eolais a fháil

Féach ar láithreán **Oifig na Scrúduithe** chun eolas a fháil faoi rialacháin na Scrúduithe:

1. Ceisteanna Coitianta
2. Cárta aitheantais an mhic léinn
3. Ná tabhair earraí pearsanta chuig an ionad scrúdaithe

---

## Gach rud ina cheart?

-Má tá do chuid scrúduithe ar fad liostaithe mar a bhí súil agat...

-Tá gach rud togha!

**An chéad chéim eile:**

1. Ní gá rud ar bith eile a dhéanamh.

Go n-éirí leat agus tú ag fáil faoi réir do do chuid scrúduithe!



---

## Tá Scrúdú ar iarraidh - ach **TÁ** mé cláraithe!

- Má tá tú cláraithe do mhodúl agus má tá scrúdú suí sa mhodúl sin ach nach bhfuil sé le feiceáil ar d'amchlár...

- Bhí tú deireanach ag clárú don mhodúl.

**An chéad chéim eile:**

1. Téigh chuig SRH (in Áras Uí Chathail) chun clárú mar 'Iontráil Dheireanach do Scrúdú'.



le

2. Mura bhfuil tú cláraithe ar an gcúrsa ceart seol ríomhphost chuig registration@nuigalway.ie le go gceartófar é.

---

## Tá Scrúdú ar iarraidh - ní dóigh liom go bhfuil mé cláraithe!

- Mura bhfuil tú cláraithe do mhodúl ach má tú ag déanamh staidéir air, agus má tá scrúdú le suí...



- **Ní mór duit clárú don mhodúl go práinneach**

### **Na chéad chéimeanna eile:**

1. Déan teagmháil le hOifig do Choláiste nó do Scoile agus cuirfidh siad an Oifig Clárúcháin ar an eolas go bhfuil tú le clárú don mhodúl.
  2. Nuair atá an modúl curtha le do Churaclam, téigh chuig SRH (in Áras Uí Chathail) chun clárú mar 'Iontráil Dheireanach do Scrúdú'.
- 

## Tá scrúdú leagtha amach dom i modúl nach bhfuil á staidéar agam ach a bhfuil SEANS ann go bhfuil mé cláraithe air!

- Má fheiceann tú modúl i d'Amchlár Scrúduithe nach bhfuil á staidéar agat ach atá liostaithe mar cheann de na modúil chláraithe ar do Churaclam...



- **Tá tú cláraithe don scrúdú agus ní mór duit díchlárú ón modúl go práinneach**

### **Na chéad chéimeanna eile:**

1. Déan teagmháil le hOifig do Choláiste nó do Scoile agus cuirfidh siad an Oifig Clárúcháin ar an eolas go bhfuil tú le díchlárú ón modúl.
  2. Seiceáil do Churaclam le cinntiú gur baineadh é.
- 

## Tá scrúdú leagtha amach dom i modúl nach bhfuil á staidéar agam agus nach bhfuil mé cláraithe air!

- Má fheiceann tú modúl i d'Amchlár Scrúduithe nach bhfuil á staidéar agat agus nach bhfuil liostaithe mar cheann na modúil chláraithe ar do Churaclam...

- Níl tú cláraithe don mhodúl seo.

**Na chéad chéimeanna eile:**

1. Ní gá duit rud ar bith a dhéanamh. Go n-éirí leat agus tú ag fáil faoi réir do chuid scrúduithe!



de


do

## Treoiríníte Lá an Scrúdaithe:

**Clúdaigh Aghaidhe • Scaradh Sóisialta • Sláinteachas Lámh**



Caith clúdach aghaidhe an t-am ar fad



Fan amach ó chéile



Nigh do lámha go minic & úsáid díghalrán lámh

Cuirfear **CUIMLÍNÍ DÍGHALRAITHE** ar fáil ag doras halla an scrúdaithe, úsáid iad chun do spás scrúdaithe a ghlanadh.  
TUILLEADH EOLAIS – <https://www2.hse.ie/conditions/covid19/>

# Dátaí Tábhachtacha 21/22

OIFIG NA SCRÚDUITHE		
DÁTAÍ TÁBHACHTACHA		
2021/2022		
<b>SEIMEASTAR 1</b>	<b>SEIMEASTAR 2</b>	<b>FÓMHAR</b>
<b>11 Samh</b>	<b>15 Márta</b>	<b>7 Iúil</b>
Foilseofar Amchlár na Scrúduithe	Foilseofar Amchlár na Scrúduithe	Foilseofar Amchlár na Scrúduithe
<b>6 - 17 Nollaig</b>	<b>19 Aibreán - 6 Bealtaine</b>	<b>2 - 12 Lúnasa</b>
Scrúduithe Sheimeastar 1	Scrúduithe Sheimeastar 2	Scrúduithe an Fómhair
<b>Eanáir 2022</b>	<b>10 - 15 Meitheamh</b>	<b>26 Lúnasa</b>
<b>Torthaí Sealadacha</b>	<b>Torthaí Deiridh (Fochéim)</b>	<b>Torthaí an Fómhair (Fochéim)</b>
<b>Ar BLACKBOARD</b>	<b>20 - 22 Meitheamh</b>	<b>6 Meán Fómhair</b>
Faigh Amach ón Scoil/Disciplín Cén Uair a Thabharfar Amach na Torthaí	<b>Torthaí Deiridh (Iarchéim)</b>	<b>Torthaí an Fómhair (Iarchéim)</b>

## Seirbhísí do Mhic Léinn

-Beidh raon tacaíochtaí tábhachtacha á dtairiscint ag Seirbhísí do Mhic Léinn sna seachtainí beaga amach romhainn chun cabhrú leat roimh agus le linn na scrúduithe.

-I measc cuid de na roghanna atá ar fáil tá ceardlanna, línte cabhrach agus acmhainní ar líne, agus forbraíodh iad bunaithe ar aiseolas a bailíodh sa suirbhé a rinneamar le gairid ar thacaíochtaí scrúduithe. Tá sonraí ar fáil **anseo**.

-Déanfar é seo a nuashonrú go rialta le linn thréimhse na scrúduithe mar sin breathnaigh ansin ar dtús má tá ceistanna agat nó má theastaíonn cúnaimh uait. (Beidh ort logáil isteach ar do chuntas campais chun rochtain a fháil ar an Microsoft Sway seo).

## An tSeirbhís Tacaíochta Míchumais

-Má tá socrú aontaithe agat leis an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais maidir le socrúithe scrúduithe **seiceáil do rphost OÉ Gaillimh** lena fháil amach cá mbeidh do chuid scrúduithe ar siúl.

### Eolas Úsáideach Teagmhála

Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh	091-493954	<a href="http://www.nuigalway.ie/arts">www.nuigalway.ie/arts</a>
Scoil Ghnó & Eacnamaíochta J.E. Cairnes	091-492612	<a href="http://www.nuigalway.ie/commerce">www.nuigalway.ie/commerce</a>
Scoil an Dlí	091-492389	<a href="http://www.nuigalway.ie/law">www.nuigalway.ie/law</a>
Scoil na hInnealtóireachta	091-492101	<a href="http://www.nuigalway.ie/engineering">www.nuigalway.ie/engineering</a>
Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte	091-544475	
<a href="http://www.nuigalway.ie/colleges/medicine-nursing-and-health-sciences">www.nuigalway.ie/colleges/medicine-nursing-and-health-sciences</a>		
Scoil an Altranais agus an Chnáimhseachais	091-493432	<a href="http://www.nuigalway.ie/nursing.midwifery">www.nuigalway.ie/nursing.midwifery</a>
Scoil na Ríomheolaíochta	091-493143/493836	<a href="http://www.nuigalway.ie/science-engineering/school-of-computer-science/">www.nuigalway.ie/science-engineering/school-of-computer-science/</a>
Oifig na dTáillí	091-492386	<a href="http://www.nuigalway.ie/student_fees">www.nuigalway.ie/student_fees</a>